



Údarás na
Gaeltachta



Oifigeach Togra Eorpach (Access2Sea) - ar chonradh

I gcomhar le páirtithe eile san Eoraip, tá Údarás na Gaeltachta páirteach i dtograí éagsúla Eorpacha, ina measc an togra *Access2Sea*, clár forbartha chun muirshaothrú a chur chun cinn agus tacú le comhlachtaí beaga agus meánmhéide san earnáil seo a gcuid gnó a fhorbairt go hinmharthanach. Tá an clár seo á mhaoiniú faoi chlár INTERREG (AA) de chuid an Aontais Eorpaigh.

An Ról:

Mar chuid d'fheidhmiú na dtograí seo, tá post á thairiscint mar Oifigeach Forbartha sa Rannóg Taighde agus Forbartha Earnálacha ar bhunús conartha sainchuspóra. Beidh an tOifigeach Togra freagrach as comhordú a dhéanamh ar chlár oibre Access2Sea atá le réachtáil sa Ghaeltacht agus a thacóidh le forbairt earnáil an mhuirshaothraithe sa Ghaeltacht.

Conradh suas le 6 mhí atá i gceist leis an bpost seo ach d'fhéadfaí go gcuirfí fad leis an gconradh ag brath ar mhaoiniú breise a bheith curtha ar fáil. Beidh an post lonnaithe in aon cheann d'oifigí réigiúnacha an Údaráis (Gaoth Dobhair, Béal an Mhuirthead, Na Forbacha, Daingean Uí Chúis, Baile Mhic Íre).

Dualgais:

Beidh an té a cheapfar freagrach as cuidiú le cur i bhfeidhm an togra *Access2Sea* trí chomhoibriú a chothú le geallsealbhóirí éagsúla ar mhaithe le forbairt na hearnála sa Ghaeltacht agus trí chuidiú le comhlachtaí Gaeltachta leas a bhaint as an togra chun deiseanna forbartha a aithint agus a thapú.

An Duine:

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt agus i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla,
- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha,
- Taithí oibre ábhartha 3 bliana, ar a laghad, tar éis na céime,
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí,
- Eolas / tuiscint ar earnáil na mara agus/nó tograí Eorpacha ina bhuntáiste,
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí,
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta,
- Ardscileanna eagrúcháin, ríomhaireachta agus riaracháin.

Íocfar scála tuarastail €35,00-€40,000 sa bhliain ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Seol iarratas, mar aon le do CV as Gaeilge, roimh **4:00 i.n., 28ú Eanáir 2022** chuig:

foluntais@udaras.ie

nó chuig: An Feidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,

Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Is fostóir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.